C/2026/4927

22.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12546 — SAMSUNG / GS E&C / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4927)

1. An 14 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Samsung SRA Asset Management Co., Ltd. ('Samsung SRA', an Chóiré Theas), faoi úinéireacht Samsung Group, (an Chóiré Theas),

— GS Engineering & Construction Corp. ('GS E & C', an Chóiré Theas), faoi úinéireacht an ghrúpa GS, (an Chóiré Theas).

Gheobhaidh Samsung SRA agus GS E&C rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Bursera sp. z o.o. (Bursera, an Pholainn), chomhfhiontar úrnua.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir é Samsung SRA ar roinnt cistí réadmhaoine ar fud an domhain,

— Oibríonn GS E&C ar fud an domhain san earnáil tógála mar chonraitheoir le haghaidh tionscadail a bhaineann le tógáil saoráidí tionsclaíocha, bonneagar fuinnimh, ailtireacht chónaithe agus tráchtála, bonneagar ginearálta agus forbairt maoine, chomh maith le gníomhaíochtaí infheistíochta eile.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas Bursera: maoin eastáit réadaigh (trádstóras) a oibriú agus a ligean ar cíos sa Pholainn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12546 — SAMSUNG / GS E&C / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË